# Talamh agus Foirgnimh a bhaint ó Chlár Comhardaithe an Bhoird

*(Nuashonraíodh an doiciméad deireanach Lúnasa 2024)*

## 1. Réamhrá

Is le Pátrún/Iontaobhaithe na scoile iad talamh agus foirgnimh na scoile go hiondúil.

Ní léirítear mar shócmhainní seasta sa Chlár Comhardaithe na scoile, cistí atá faighte le haghaidh talún ná foirgneamh mar atá leagtha amach in Alt 15(3) den Acht Oideachais – "D'fhonn amhras a sheachaint, ní thabharfar, ná ní mheasfar aon ní san Acht seo aon cheart don bhord ar thalamh agus foirgnimh na scoile a bhfuil an bord sin freagrach astu."

Dá bhrí sin, moltar do bhoird agus do phátrúin/iontaobhaithe talamh agus foirgnimh a bhaint den chlár comhardaithe.

Sa chás go bhfuil talamh agus foirgnimh á bhaint den chlár comhardaithe, ba cheart cuntas ciste talún/tógála a chruthú ina n-aistrítear costas bunaidh na talún agus na bhfoirgneamh mar aon le ranníocaíochtaí i leith chostas na talún agus na bhfoirgneamh seo.

Is athrú é sin ar an mbeartas cuntasaíochta, óna dtagann coigeartú don bhliain roimhe.

***Tabhair do d'aire:*** *I gcás scoileanna a ghearrann táillí, moltar comhairle a fháil ó d'iontaobhaithe agus ó d'iniúchóir sula mbainfear talamh agus foirgnimh ón gclár comhardaithe. Is ag an gcur chuige cuntasaíochta a mholann iniúchóir(í) an bhoird agus na n-iontaobhaithe a bheidh an tosaíocht.*

## 2. Cóireálacha Cuntasaíochta

***Sampla: Tionscadal caipitil maoinithe ag an Roinn Oideachais bainte de thalamh agus d'fhoirgnimh***

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Costas na Talún agus Foirgnimh chun Talún/Foirgneamh Cuntas an Chiste | DR | 3995 | Cuntas Ciste Talún/Tógála<br>Caipiteal agus Cúlchistí |
| | CR | 1400 | Caipiteal: Talamh agus Foirgnimh<br>Sócmhainní Seasta |

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur síos |
|---|---|---|---|
| Athscríobhtar an dímheas chuig an mBarrachas Coimeádta | DR | 1410 | Dímheas Carntha: Talamh agus Foirgnimh<br>Sócmhainní Seasta |
| | CR | 2710 | Barrachas tugtha ar aghaidh<br>Caipiteal agus Cúlchistí |

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Aistrigh naranníocaíochtaí le costas na Talún agus Cuntas Foirgnimh chun Talún/Cuntas Ciste Tógála | DR | 3900 | Ioncam Deontais Tógála Caipitil RO<br>Caipiteal agus Cúlchistí |
| | CR | 3995 | Cuntas Ciste Talún/Tógála<br>Caipiteal agus Cúlchistí |

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Scríobh amúchadh ar ais chuig Barrachas Coinnithe | DR | 2710 | Barrachas tugtha ar aghaidh<br>Caipiteal agus Cúlchistí |
| | CR | 3906 | Ioncam ó Amúchadh Carntha Tógála Caipitiúla<br>Caipiteal agus Cúlchistí |

**Ciste Foirgnimh Diúltach:** I gcás go bhfuil níos mó airgid caite ag scoil ar thalamh agus foirgnimh ná mar a fuarthas, beidh iarmhéid diúltach nó iarmhéid dochair ar an gciste foirgnimh. Tá sé sin ag teacht leis an gcur chuige cuntasaíochta atá molta ag FSSU.